EirGrid

# Tionscadal Treisithe Eangaí Fhine Gall – na Mí Thoir

## Fostáisiún 400kV an Bharda

### An Nuacht is Déanaí maidir leis an Tionscadal - Bealtaine 2026

EirGrid.ie









## Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachas na hÉireann, ag tabhairt cumhacht ón áit a ngintear í chuig an líonra dáilte a chuireann an leictreachas a mbímid ag úsáid gach lá inár gcuid tithe, gnólachtaí, scoileanna agus ospidéal ar fáil.

Tá EirGrid freagrach as a bheith i gceannas ar aistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhchaí inbhuanaithe, ísealcharbóin.





## Tionscadal Treisithe Eangaí Fhine Gall – na Mí Thoir

Tá Oirthear na Mí agus Fine Gall i measc na réigiúin is mó fáis sa tír (de réir Dhaonáireamh 2022), agus leis an bhfás seo tagann riachtanas níos mó le haghaidh leictreachais. Tá bonneagar nua á phleanáil ag EirGrid chun freastal ar an riachtanas seo, ionas gur féidir an soláthar leictreachais a ullmhú a dhóthain don todhchaí. Cuideoidh sé sin le forbairt chónaitheach agus fás eacnamaíoch a chothú ar fud an réigiúin, agus cabhróidh sé leis an tír a spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach.

Is ionann Tionscadal Treisithe Eangaí – Fine Gall-An Mhí Thoir agus tionscadal beartaithe chun déileáil le fás leantach an éilimh ar leictreachas sa réigiún, a bhfuil roinnt earnálacha taobh thiar de.

Áirítear leis seo:

- tithíocht chónaithe;
- forbairt tráchtála agus thionsclaíoch;
- leictriú teasa (teaschaidéil) agus iompar (feithiclí leictreacha agus iompar poiblí); agus comhtháthú na nasc fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Tá an bonneagar tarchurtha atá sa réigiún faoi láthair ar tí teorainn a thoillte a bhaint amach. Chun soláthar leictreachais iontaofa agus inbhuanaithe chuig pobail, cónaitheoirí, scoileanna agus gnólachtaí a chinntiú, tá géarghá le bonneagar nua.

Príomhchuid den tionscadal seo is ea forbairt Fhostáisiún nua 400kV an Bharda agus ciorcaid nasctha a bheidh ann amach anseo i gceantar Fhine Gall, siar ó Shord.



## Buntáistí an Tionscadail

Leis an tionscadal atreisithe eangaí seo, cuirfear toilleadh breise ar fáil chun leictreachas a sholáthar san áit a mbeidh géarghá leis amach anseo. Cuireann sé go mór leis an líonra leictreachais, lena dtacaítear le fás agus le forbairt gheilleagrach ar fud an réigiúin. Tríd an eangach a threisiú, cuideoidh na tionscadail seo le gnólachtaí, le scoileanna, le hospidéil, le tithe agus le feirmeacha soláthar slán leictreachais a chothabháil, agus comhtháthú foinsí breise leictreachais á chumasú ag an am céanna.

### Geilleagrach

Leis an tionscadal, éascófar comhtháthú leictreachais breise ar an eangach, lena gcuirfear le geilleagar an réigiúin agus tacú le hinfheistíocht mhéadaithe sa cheantar.

### Oifigeach

Tacú le pobail ina mbeidh bonneagar an tionscadail lonnaithe trí shochair áitiúla fhiúntacha a chur ar fáil.

### Áitiúil

Cuidiú le riachtanais mhéadaitheacha chónaithe, fostaíochta agus tithíochta an phobail áitiúil.

### Inbhuanaitheacht

Cuidiú le haistriú na hÉireann chuig todhchaí ísealcharbóin.

### Slándáil an tSoláthair

Feabhas a chur ar sholáthar leictreachais ar fud oileán na hÉireann.



## Cad atá ag tarlú anois?

Tá Fostáisiún 400kV an Bharda á fhorbairt i gcomhréir le cur chuige 6 chéim EirGrid maidir le Forbairt Eangaí (a leagtar amach thíos), lena dtreoraítear an próiseas chun an réiteach is éifeachtaí a shainaithint agus a sholáthar chun na riachtanais a leagadh amach a bhaint amach.

I láthair na huaire, tá forbairt an fhostáisiúin seo ag Céim 4 den phróiseas seo. Is é aidhm Chéim 4 é an suíomh is fearr feidhmíochta a chinneadh chun an fostáisiún beartaithe a óstáil.



| Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 | Céim 5 | Céim 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a shainaithint? | What technologies can meet these needs? | Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfadh sí seo difear a dhéanamh dó? | **Cá háit go díreach ar cheart dúinn dul i mbun tógála?** | Iarratas ar chead pleanála. | Tógáil, fuinnmhiú (déanamh beo) agus sochair a roinnt. |

# Fostáisiún 400kV an Bharda

Tógfaidh Fostáisiún 400kV an Bharda leictreachas de voltas níos airde (400 kV agus 220 kV) ar bord agus ísleoidh sé é go 110kV. Ansin, is féidir an leictreachas sin a dháileadh go sábháilte ar an líonra lena úsáid ag tithe, gnólachtaí agus earnáil na tionsclaíochta.

Aireofar an méid seo a leanas leis an tionscadal:

- Fostáisiún 400/220/110 kV nua
- Nasc (lúibe) chuig cábla ceadaithe 400 kV faoi thalamh na Mí Thoir-Baile Átha Cliath Thuaidh idir Fostáisiún Fhearann na Coille agus Fostáisiún Belcamp (An Coimisiún Pleanála Tag: 319422).

I mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2024, reáchtáil EirGrid feachtas comhairliúcháin phoiblí chun cuidiú le suíomh agus teicneolaíocht an fhostáisiúin sin a chinneadh. Leis an gcomhairliúchán seo, mar aon le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus úinéirí talún, agus tosca comhshaoil, eacnamaíocha agus teicniúla, cinneadh gurb é ZE1 an crios is oiriúnaí, mar a léirítear sa léarscáil thíos/ar an leathanach eile, agus teicneolaíocht fostáisiúin Lascthrealaimh Inslithe Gáis (GIS), a fógraíodh i mí Feabhra 2025.

Bíonn fostáisiúin ghásinslithe suite laistigh i bhfoirgnimh tiomnaithe, rud a fhágann go bhfuil siad dlúth agus nach mbíonn an oiread sin tionchar ag dálaí comhshaoil orthu, ach bíonn fostáisiúin aerinslithe ag brath ar an aer oscailte timpeall a dtrealaimh, mar sin bíonn siad níos mó agus níos nochta don aimsir.



Tá Foireann Bainistithe Talún EirGrid ag leanúint dá rannpháirtíocht le húinéirí talún ag Céim 4. Aithníodh láithreáin fhéideartha laistigh de ZE1 agus rinneadh measúnú riosca ardleibhéil chun a dheimhniú cé na láithreáin a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'fhorbairt Fhostáisiún 400 kV an Bharda. Sainaithníodh liosta de 5 shuíomh féideartha, léirithe mar A-E sa léarscáil ar leathanach 9.

I bhfianaise go bhfuil an cábla faoi thalamh 400 kV atá beartaithe ó Oirthear na Mí go Baile Átha Cliath Thuaidh suite is faide ó Láithreán A agus ó Láithreán B, agus ó na limistéir shuntasacha i mbaol tuilte i Láithreán A, measadh nach raibh an dá shuíomh oiriúnach agus níor breithníodh tuilleadh iad.

Mar thoradh ar bhreis rannpháirtíochta, próiseas cuimsitheach Measúnaithe Ilchritéir (MCA), imscrúduithe suímh agus suirbhéanna, aithníodh Láithreán E mar an rogha is fearr feidhmíochta chun Fostáisiún 400 kV an Bharda a thógáil (mar atá mionsonraithe i dTuarascáil Céim 4 den Fhostáisiún 400 kV an Bharda atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EirGrid), ar na cúiseanna seo a leanas:

- Tá dóthain spáis ag Láithreán E don fhostáisiún agus do leathnú amach anseo, agus tá riosca tógála níos ísle ann ná roghanna eile.
- Tá Láithreán E suite in aice an R121 rud a ghiorraíonn achair nasctha leis an gcábla faoi thalamh 400 kV na Mí Thoir- Bhaile Átha Cliath Thuaidh a bhfuil cead tugtha dó i gcomparáid leis na roghanna eile.
- Ní heol aon bhaol tuilte a bhaineann le Láithreán E, murab ionann na roghanna eile.
- Ní gá ach líne lastuas mheánvoltais amháin atá ann cheana a atreorú i gcás Láithreán E, i gcomparáid le línte níos mó agus/nó níos casta ag láithreáin eile cosúil le Láithreán C.
- Tá dóthain spáis ag Láithreán E le haghaidh feabhsuithe tírdhreachaithe, scagthástála agus bithéagsúlachta, rud a bheadh níos deacra a bhaint amach ag Láithreáin C agus D.

**Pointe Tábhachtach:** Rachaidh EirGrid i mbun comhairliúchán leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara maidir le haon chiorcaid agus conairí bealaigh atá beartaithe amach anseo chuig fostáisiún 400kV an Bharda.






## Samplaí d'Fhostáisiúin GIS



# Eolas don Phobal

Buail isteach ag ceann dár n-imeachtaí eolais phoiblí i bpearsa nó ar líne, chun tuilleadh eolais a fháil agus chun labhairt le saineolaithe na foirne:

| Dáta | Am | Suíomh | Clárú |
|---|---|---|---|
| Dé Máirt an 12 Bealtaine | 12-7 i.n. | Cumann Peile Chaoimhín, An Barda, Baile Átha Cliath, D11 TF72 | Ní gá clárú |
| Dé Máirt an 19 Bealtaine | 7-8 i.n. | Zoom (ar líne) | Scan QR thíos |
| Dé Máirt an 26 Bealtaine | 12-7 i.n. | Cumann Peile Chaoimhín, An Barda, Baile Átha Cliath, D11 TF72 | Ní gá clárú |

**Scan anseo chun clárú don seimineár Zoom**

Dé Máirt an 19 Bealtaine









## Céard é an chéad chéim eile?

I ndiaidh fheachtas eolais phoiblí Chéim 4, bogfaidh an tionscadal ar aghaidh go Céim 5, lena mbaineann forbairt, tiomsú agus seoladh iarratais phleanála um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS) chuig an gCoimisiún Pleanála.

Tá tús curtha leis an dearadh tosaigh d'Fhostáisiún 400 kV an Bharda agus do na ciorcaid lúibe 400 kV lena mbaineann mar aon le suirbhéanna agus imscrúduithe suímh, mar chuid de chlár an rialtais maidir le seachadadh luathaithe.

Tá EirGrid dulta i mbun rannphairtíocht le príomhpháirtithe leasmhara (m.sh. An Coimisiún Pleanála, Comhairle Contae Fhine Gall, srl.) agus sinn ag féachaint leis an iarratas pleanála a chur i gcrích. Leanfar leis an bpróiseas sin sna míonna amach romhainn.





# Eolas Breise

Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil le duine dár nOifigigh thiomanta Idirchaidrimh don Phobal:



## Gráinne Duffy

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
085 887 4798
Grainne.Duffy@eirgrid.com